

Cén uair is féidir iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí dírithe faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM)?

Ba cheart iarratas a dhéanamh a luaithe agus is féidir – trí mhí roimh an dáta tosaíthe molta, más féidir. Osclaítear an próiseas iarratais faoi choinne na bliana COLÓ (ECCE) úire i mí na Bealtaine agus fágfar ar oscailt é i rith na bliana réamhscoile. Sa chás go bhfuil riachtanais níos coimpléacsacha ag leanbh, moltar do thuismitheoirí agus do sholáthróirí réamhscoile iarratas a dhéanamh go luath.

Tá mioneolas le fáil ar shuíomh idirlín na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) www.aim.gov.ie.



An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of Children
and Youth Affairs

Cá bhfuil tuilleadh eolais le fáil?

Tá mioneolas faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) le fáil ar www.aim.gov.ie.

Tá tuilleadh eolais agus comhairle le fáil freisin ó do Choiste Cúraim Leanaí Contae/Cathrach (CCC) áitiúil. Gheofar nasc go dtí suíomh idirlín gach Coiste Cúraim Leanaí ar www.aim.gov.ie.

Tionscnamh de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An bhfuil tacaíocht de dhíth ar do leanbh chun rochtain a fháil ar an réamhscoil?

Cuireann an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) tacaíocht ar fáil a chuideoidh le do leanbh barr a chumais a bhaint amach.



Cad é an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM)?

Is clár tacaíochtaí é an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) a dearadh lena chinntiú go mbeadh rochtain ag leanaí faoi mhíchumas ar an gClár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ nó ECCE) i réamhscoileanna príomhshrutha. Cuireann an clár céanna réamhscolaíocht ar fáil saor in aisce.

Is samhail leanbhilárnach í an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) a chuireann réimse tacaíochtaí uilíocha agus dírithe ar fáil. Cuireann sé tacaíochtaí saincheaptha, praiticiúla ar fáil atá bunaithe ar riachtanas agus ní gá diagnóis fhoirmeálta mhíchumais.



Tacaíochtaí Uilíocha AIM – cur chun cinn réamhscoileanna cuimsitheacha

Dearadh na tacaíochtaí uilíocha seo chun cultúr cuimsitheach a chur chun cinn i réamhscoileanna agus chun tacú leis an gcultúr seo.

Tá traenáil á cur ar fáil d'oibrithe réamhscoile chun tacú le cleachtas cuimsitheach. Is iomaí réamhscoil anois a bhfuil Comhordaitheoir Cuimsithe cáilithe aici.

Is é atá i Súgradh Cuimsitheach AIM ná foireann acmhainní céadfacha agus oideachasúla. Tugadh

pácaiste Súgradh Cuimsitheach AIM do gach réamhscoil atá cláraithe ar an gclár COLÓ (ECCE) fud fad na hÉireann. Is féidir le gach leanbh atá cláraithe ar an gclár COLÓ (ECCE) leas a bhaint as na hacmhainní seo.

Tacaíochtaí Dírithe AIM

I gcás mórán leanaí, is leor na tacaíochtaí uilíocha lena gcuimsiú. Mar sin féin, bíonn tacaíocht bhreise áirithe, nó réimse tacaíochtaí, de dhíth ar chuid leanaí lena chinntiú gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa chlár COLÓ (ECCE).

I measc na dtacaíochtaí atá ar fáil, tá sainchomhairle agus tacaíocht, sainfhearas nó sainghléasanna, deontais i dtreo mhionathruithe foirgnimh, seirbhísí teiripe nó, i mbeagán cásanna, tacaíocht bhreise sa seomra réamhscoile.

Ní mhaoiníonn AIM Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAs), ach i gcásanna áirithe, is féidir maoiniú a chur ar fáil leis an gcóimheas leanaí agus daoine fásta a laghdú sa seomra réamhscoile nó le ball foirne breise a dhéanfaidh freastal ar leanaí uile na réamhscoile COLÓ (ECCE) a mhaoiniú.



Is féidir iarratas a dhéanamh ó mhí na Bealtaine gach bliain faoi choinne na bliana réamhscoile a thosaíonn i mí Mheán Fómhair. Tuilleadh eolais ar www.aim.gov.ie



Conas a dhéantar iarratas ar thacaíochtaí dírithe AIM?

Ní mór **iarratas** a dhéanamh trí réamhscoil. Déanann soláthróirí réamhscoile agus tuismitheoirí an t-iarratas le chéile.

Is féidir **comhairle agus tacaíocht** a fháil ó Speisialtóirí Luathbhlianta Thús Níos Fearr (Better Start) ar an bhfón (01-511 7222), ar ríomhphost (onlinesupport@pobal.ie) nó trí fhoirm iarratais AIM ar an Ardán Cur i bhFeidhm Clár (PIP), an córas ríomhaireachta a bhíonn in úsáid ag soláthróirí le haghaidh íocaíochtaí ó Phobal.

Chun iarratas a dhéanamh ar **shainfhearas, sainghléasanna nó deontais i dtreo mhionathruithe foirgnimh**, ba cheart do sholáthróirí réamhscoile, i bpáirt le tuismitheoirí nó caomhnóirí, an mhír ábhartha den fhoirm iarratais ar líne a chomhlíonadh ar PIP.

Chun iarratas a dhéanamh ar **shainchomhairle agus tacaíocht, seirbhísí teiripe nó caipitíocht bhreise chun tacaíocht bhreise sa seomra réamhscoile a mhaoiniú**, ba cheart do sholáthróirí réamhscoile, i bpáirt le tuismitheoirí nó caomhnóirí, an 'Próifíl maidir le Rochtain agus Cuimsiú' a chomhlíonadh ar PIP. Déanfaidh Tús Níos Fearr measúnú ar na hiarratais agus cuimhneoidh na Speisialtóirí Luathbhlianta ar láidreachtaí agus riachtanais an linbh agus na réamhscoile araon.